# Glaoch ar Léirithe Spéise do Mheasúnóirí Saineolacha do Scéimeanna Iriseoireachta Nua

Tá Coimisiún na Meán ag lorg iarrthóirí a bhfuil taithí oiriúnach acu le feidhmiú mar Mheasúnóirí Saineolacha chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais faoin Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil (LDRS) nua agus faoin Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna (CRS) nua. Cruthófar painéal de Mheasúnóirí Saineolacha.

Beidh taithí agus saineolas ag teastáil ó bhaill an phainéil in aon cheann nó i ngach ceann de na ábhair seo a leanas:

- Iriseoireacht chlóite, theilifíse, raidió agus ar líne
- Tuairisciú cúirteanna
- Eolas leathan ar chóras cúirte na hÉireann agus ar chóras daonlathais áitiúil na hÉireann

Beidh ar Mheasúnóirí:

- scrúdú neamhspleách agus oibiachtúil a dhéanamh ar na hiarratais
- a bheith sásta tacú le cur chun cinn chuspóirí na Scéimeanna
- a bheith in ann comhairle mheasartha a thairiscint bunaithe ar bhreithiúnas fónta agus ar thaithí
- a bheith in ann an tiomantas ama cuí a thabhairt
- gníomhú ar bhonn eolasach, de mheon macánta, le dícheall cuí agus le cúram, agus gach gné den phróiseas a choinneáil faoi rún agus a láimhseáil go gairmiúil.

Táimid tiomanta do phróiseas a éascú ina féidir iarratais a chur isteach agus a mheas i mBéarla nó i nGaeilge. Dá bhrí sin, cuirtear fáilte ar leith roimh iarrthóirí a bhfuil an cumas acu measúnuithe a dhéanamh I nGaeilge agus an t-aiseolas agus an chomhairle riachtanach a sholáthar i nGaeilge chomh maith.

## Conas d'Iarratas a Chur Isteach

Ba cheart duit d'iarratas a sheoladh ar ríomhphost chuig journalism@cnam.ie leis an líne ábhair: "Measúnóir Iriseoireachta".

Ba chóir go n-áireofaí litir chlúdaigh a leagann amach an saineolas ar leith atá agat, aon taithí ábhartha agus CV.

Caithfidh iarratais a chur isteach roimh 4 pm ar 20 Meán Fómhair 2024.